C/2025/1185

21.3.2025

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Ar son intleacht shaorga atá chun tairbhe don oibrí: deiseanna na hintleachta saorga a ghlacadh chugainn agus na rioscaí a mhaolú a mhéid a bhaineann le beartais fostaíochta agus beartais an mhargaidh saothair

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2025/1185)

Rapóirtéir: **Franca SALIS-MADINIER**

Comhairleoirí	Odile CHAGNY (thar ceann an rapóirtéara) Isaline OSSIEUR (thar ceann Ghrúpa I) Etzerodt CLEMENS ØRNSTRUP (thar ceann Ghrúpa I) Aïda PONCE DEL CASTILLO (thar ceann Ghrúpa II) Anthony BOCHON (thar ceann Ghrúpa III)
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	15.2.2024
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Saoránacht
Dáta a glactha sa rannóg	17.12.2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	22.1.2025
Seisiún iomlánach Uimh.	593
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/ staonadh)	142/103/14

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Tacaíonn CESE leis an dearbhú comhpháirteach ó na comhpháirtithe sóisialta a eisíodh le linn an chruinnithe mullaigh dheireanaigh de G7 san Iodáil ([1]), ina luaitear go bhfuil dul chun cinn mear córas intleachta saorga, lena n-áirítear an intleacht shaorga ghiniúnach, ar cheann de na treochtaí is suntasaí a mbíonn tionchar aige ar shaol na hoibre agus ar an tsochaí ar bhonn níos leithne. Ní fios go fóill an mbeidh an t-athrú sin lenár leas nó lenár n-aimhleas. Braitheann sé sin ar na cinntí a dhéanann an lucht ceaptha beartas chun beartais uaillmhianacha éifeachtacha a ghlacadh, sin agus creataí rialála atá fabhrach don dul chun cinn sóisialta, don chuimsitheacht, don chomhionannas, don rathúnas eacnamaíoch, d'fhiontair inbhuanaithe, don leanúnachas gnó agus don athléimneacht, do chruthú post cuibhiúil, don urraim d'institiúidí déimeagrafacha agus do chearta na n-oibrithe. Tá ról lárnach ag an idirphlé sóisialta i ndáil leis sin.

1.2. Tá ról ríthábhachtach ag na comhpháirtithe sóisialta agus ag rannpháirtíocht na n-oibrithe maidir le cearta bunúsacha oibrithe a chaomhnú agus maidir leis an intleacht shaorga 'iontaofa' a chur chun cinn i saol na hoibre. Dóigh amháin chun rioscaí agus tionchair dhíobhálacha na gcóras intleachta saorga a íoslaghdú ab ea ról ní ba mhó a thabhairt do na hoibrithe agus a n-ionadaithe.

1.3. Áitíonn CESE gur cheart, le tionscnaimh reachtacha nó le haon tionscnaimh eile lena n-oiriúnaítear an dlí atá ann cheana, **aghaidh a thabhairt ar na bearnaí i gcosaint chearta na n-oibrithe ag an obair agus a áirithiú go mbeidh smacht ag daoine ar na hidirghníomhaíochtaí** uile idir an duine agus an meaisín.

1.4. Ba cheart treoir shainráite maidir leis an reachtaíocht atá ann cheana a bheith mar thaca le **forálacha** dlíthiúla an Aontais atá i bhfeidhm cheana agus a bhaineann le húsáid na hintleachta saorga san ionad oibre.

([1]) *Shaping the advancement of artificial intelligence through social dialogue.*

1.5. Tacaíonn CESE le cur chun feidhme tapa Airteagal 4 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga ([2]), ina luaitear go ndéanfaidh soláthraithe agus imlonnaitheoirí córas intleachta saorga bearta chun leibhéal leordhóthanach litearthachta san intleacht shaorga a áirithiú i measc a bhfoirne.

1.6. Ní mór d'údaráis phoiblí tionscnaimh forbartha scileanna a chur chun feidhme d'oibrithe lena áirithiú go gcuirfidh córais intleachta saorga feabhas ar iarrachtaí an duine, seachas iad a ionadú.

1.7. Molann CESE go mór go n-ionchorprófaí, faoi bheartais phoiblí an Aontais agus sna Ballstáit, modúil intleachta saorga san oideachas agus san oiliúint agus go gcuirfí ábhair múscailte feasachta maidir leis an intleacht shaorga ar fáil do na saoránaigh. Ba cheart oideachas foirmiúil a chur ar fáil maidir le teicneolaíochtaí intleachta saorga ag céim luath, rud a chuirfeadh ar chumas na saoránach uile dul i dtaithí orthu.

1.8. Má táthar chun neamhréireacht i dtionscnaimh reatha na mBallstát a sheachaint agus cothrom iomaíochta a áirithiú sa mhargadh aonair, molann CESE go ndéanfaí idirphlé sóisialta forfheidhmithe maidir le córais intleachta saorga a chur in úsáid ar bhonn ionstraim dlí *ad hoc* de chuid an Aontais lena n-áirítear forálacha chun an méid seo a leanas a bhaint amach ar dhóigh níos éifeachtaí:

— forfheidhmiú éifeachtach Airteagal 88 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) ([3]) agus treoir shainráite a thabhairt maidir le toiliú agus leas dlisteanach;

— raon feidhme na bhforálacha atá sa Treoir maidir le hObair Ardáin ([4]) a leathnú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le córais bainistithe algartamach do na hoibrithe go léir;

— na rialacha is infheidhme faoi Threoir 2002/14/CE ([5]) a neartú nuair a thugtar isteach córais ardriosca intleachta saorga agus treoir shainráite a thabhairt maidir le forálacha Threoir 89/391 ([6]) maidir le Sábháilteacht agus Sláinte ag an Obair a oiriúnú;

— próiseas dinimiciúil an idirphlé shóisialta agus na measúnuithe riosca ar chórais intleachta saorga a chomhtháthú san ionstraim, mar a shainítear i gcreat-chomhaontú uathrialach 2020 na gcomhpháirtithe sóisialta Eorpacha maidir leis an digiteáil ([7]);

— an méid a chuirtear in iúl faoin measúnú tionchair ar chosaint sonraí a leathnú chuig ionadaithe oibrithe, rud dá bhforáiltear faoin Treoir maidir le hObair Ardáin;

— measúnuithe tionchair *ex ante* ar chearta bunúsacha (FRIA) a chur ar fáil, a bheidh le déanamh ag soláthraithe sula gcuirfear córais ardriosca in úsáid; agus

— treoirlínte soiléire a bhunú maidir leis an gcaoi ar féidir leas a bhaint as boscaí gainimh agus dálaí tástála san fhíorshaol.

1.9. Iarrann CESE ar an Oifig Eorpach um Intleacht Shaorga dlúthchomhar a bhunú leis na comhpháirtithe sóisialta trasearnála Eorpacha d'fhonn a áirithiú go léireofar ról an idirphlé shóisialta go leordhóthanach sna treoirlínte atá le teacht ón Oifig agus soiléirithe a chur ar fáil maidir le córais intleachta saorga. Ba cheart bealaí comhordúcháin atá domhain, láidir agus struchtúrtha go soiléir a bhunú idir an Oifig um Intleacht Shaorga agus AS EMPL agus AS Connect an Choimisiúin Eorpaigh.

2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. Is é is aidhm don tuairim féintionscnaimh seo moltaí agus tograí sonracha a thabhairt do lucht ceaptha beartas ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta d'fhonn timpeallacht a chruthú atá fabhrach do chur in úsáid dearfach córas agus uirlisí intleachta saorga i saol na hoibre. Agus an iarraidh ó Uachtaránacht na Polainne atá le teacht á cur san áireamh, dírítear i gcaibidil faoi leith ar **dheiseanna na hintleachta saorga a ghlacadh chugainn agus na rioscaí a mhaolú a mhéid a bhaineann le beartais fostaíochta agus beartais an mhargaidh saothair**. Chun críoch na tuairime seo, bailíodh ionchur le linn dhá cheardlann a reáchtáladh in CESE trí úsáid a bhaint as modheolaíocht fadbhreathnaitheachta an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde agus bhí saineolaithe Eorpacha agus idirnáisiúnta rannpháirteach iontu.

([2]) IO L, 2024/1689, 12.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1689/oj.
([3]) IO L 119, 4.5.2016, lch. 1.
([4]) IO L, 2024/2831, 11.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/2831/oj.
([5]) IO L 80, 23.3.2002, lch. 29.
([6]) IO L 183, 29.6.1989, lch. 1.
([7]) Creat-chomhaontú maidir leis an digiteáil | Lárionad acmhainní CEC.

2.2. Sainaithnítear an intleacht shaorga mar theicneolaíocht 'ilfheidhmeach' ([8]), lena gcumasaítear feidhmeanna digiteacha claochlaitheacha a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar ([9]). Tá an intleacht shaorga, mórshonraí agus ríomhaireacht ardfheidhmíochta fite fuaite ina chéile. Airítear le hintleacht shaorga ghiniúnach córais amhail samhlacha móra sofaisticiúla teanga lenar féidir ábhar nua a chruthú, ó théacs go híomhánna, trí fhoghlaim ó shonraí oiliúna fairsinge. Glactar cur chuige leathan sa tuairim maidir le scrúdú a dhéanamh ar chórais bainistithe algartamach agus ar úsáid níos leithne a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha san ionad oibre, amhail uirlisí faireachais agus ardáin dhigiteacha acmhainní daonna a bhfuil tionchar suntasach acu ar oibrithe.

2.3. Cé go léirítear le meastacháin go bhfuil méadú tapa tagtha ar ghlacadh uirlisí intleachta saorga i gcuideachtaí Eorpacha ó tháinig ann d'uirlisí intleachta saorga giniúnaí, is cosúil go bhfuil neamhréir shuntasach ann idir a n-úsáid i bhfiontair mhóra agus in FBManna ([10]). In ainneoin an easpa sonraí agus eolais chomhsheasmhaigh maidir le conas go díreach a fhorbróidh an intleacht shaorga, luífeadh sé le réasún go ndéanfaidh an intleacht shaorga difear do shaol na hoibre ar go leor bealaí agus go mbeidh sí ina gné shuntasach de phoist roinnt mhaith daoine ([11]).

2.4. I bhfianaise na gcásanna a scrúdaíodh le linn na gceardlann a reáchtáladh maidir le todhchaí na hintleachta saorga i saol na hoibre ([12]), is léir nach bhfuil sé ródhéanach tionchar a imirt ar fhorbairt na hintleachta saorga ag an obair lena chinntiú go gcuirfear chun feidhme í ar bhealach a rachaidh chun tairbhe do chách. Léiríodh sa chás fadbhreathnaitheach a mheastar a bheith ar an 'cás is fearr' gur féidir, ach dlí an Aontais a oiriúnú agus an t-idirphlé sóisialta a neartú ar an leibhéal is iomchuí, cur go mór le húsáidí iontaofa na hintleachta saorga ag an obair a mhúnlú, sin agus cuideachtaí Eorpacha a spreagadh chun infheistíocht a dhéanamh sa taighde, san fhorbairt agus sa nuálaíocht.

2.5. Tugtar aghaidh go hindíreach ar thionchar na hintleachta saorga ar shaol na hoibre i reachtaíocht an Aontais a bhaineann le saincheisteanna sóisialta ([13]). Tá acmhainní suntasacha infheistithe ag institiúidí an Aontais freisin chun clár oibre digiteach comhroinnte agus margadh aonair digiteach a fhorbairt.

2.6. Creideann CESE gur cheart do gach tionscnamh reachtach **aghaidh a thabhairt ar na bearnaí i gcosaint chearta na n-oibrithe dá bhforáiltear sa reachtaíocht reatha a bhaineann leis an intleacht shaorga agus a áirithiú go gcuirfear an prionsabal 'an duine a bheith i gceannas' chun feidhme go héifeachtach**. Tá an méid sin i gcomhréir leis an togra ó Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh chun tionscnaimh a chur san áireamh lena bhféachtar ar an tionchar atá ag an digiteáil ar shaol na hoibre, ó bhainistiú na hintleachta saorga go dtí an teilea-obair, agus i gcomhréir le dearbhú na gcomhpháirtithe sóisialta a eisíodh ag cruinniú mullaigh de chuid G7 le deanaí.

2.7. Iarrann CESE ar an gCoimisiún go mbeadh treoir shainráite mar thaca le **forálacha** dlíthiúla a bhaineann le húsáid na hintleachta saorga san ionad oibre.

2.8. Tá ról ríthábhachtach ag na comhpháirtithe sóisialta agus ag an idirphlé sóisialta maidir le cearta bunúsacha oibrithe a chaomhnú agus maidir leis an intleacht shaorga 'iontaofa' a chur chun cinn i saol na hoibre agus sa tsochaí ina hiomláine ([14]).

3. Sainmhíniú ar chórais intleachta saorga i gcomhthéacs na tuairime seo

3.1. *Chun críoch na tuairime seo, molann CESE an sainmhíniú a leagtar amach sa Ghníomh um an Intleacht Shaorga a úsáid* ([15])

3.2. De réir Airteagal 3 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, ciallaíonn 'córas intleachta saorga' córas meaisínbhunaithe atá ceaptha ionas go n-oibreoidh sé le leibhéil éagsúla neamhspleáchais agus a d'fhéadfadh a oiriúnú tar éis a bheith curtha in úsáid, agus, i gcás cuspóirí sainráite nó intuigthe, go mbeidh sé in ann a dhéanamh amach, ón ionchur a fhaigheann sé, conas aschuir a ghiniúint, amhail tuartha, ábhar, moltaí, nó cinntí ar féidir leo tionchar a imirt ar thimpeallachtaí fisiciúla nó fíorúla.

([8]) An Fóram Eacnamaíoch Domhanda, *Markets of Tomorrow: Pathways to a New Economy*, 2020.
([9]) McKinsey, *Shaping the digital transformation in Europe*, 2020.
([10]) Nasc anseo.
([11]) Staidéar an Phainéil um Thodhchaí na hEolaíochta agus na Teicneolaíochta (réamhamharc eolaíoch) – The use of artificial intelligence in workplace management, 2022.
([12]) Féach an leathanach gréasáin.
([13]) Féach an Iarscríbhinn.
([14]) Féach an leathanach gréasáin.
([15]) IO L, 2024/1689, 12.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1689/oj.

3.3. Tá an sainmhíniú sin leathan go leor chun **trí ghné fhíor-riachtanacha** de chórais intleachta saorga a chumhdach, eadhon:

— chun cinnteoireacht *uathoibrithe* a chumasú;

— chun leibhéal *neamhspleáchais* a áirithiú;

— chun plé le hoibrithe agus tionchar a imirt orthu.

3.4. Thairis sin, leagann CESE béim ar thrí phríomhghné shonracha de chórais intleachta saorga i gcomparáid le teicneolaíochtaí digiteacha a bhí ann roimhe seo:

— Is féidir le córais intleachta saorga gníomhú láithreach agus a bheith idirghníomhach agus deacair a thuiscint ([16]).

— Is ann do ghrúpa mór ([17]) de chórais intleachta saorga atá in ann iad féin a chur in oiriúint do dhálaí nua nuair a chuirtear chun feidhme san ionad oibre iad ([18]). D'fhéadfadh **éiginnteacht** agus dothuarthacht faoin gcaoi a n-iompródh córas intleachta saorga i gcomhthéacs sonrach teacht chun cinn.

— Cuireann córais intleachta saorga deiseanna iontacha ar fáil chun leithdháileadh agus comhordú a fheabhsú, chun cinnteoireacht éifeachtúil a éascú laistigh de ghnólachtaí agus chun foghlaim eagraíochtúil a fheabhsú ([19]). Mar mhodh aireagáin atá ag teacht chun cinn, táthar ag súil go gcothóidh an intleacht shaorga nuálaíocht ([20]). Agus a scála á mhéadú (méid na bparaiméadar, sonraí oiliúna, etc.), d'fhéadfadh córas intleachta saorga **teacht ar fhéidearthachtaí nua de thaisme**, rud a chothódh nuálaíocht.

4. Tionchar na hintleachta saorga ar mhargadh an tsaothair agus ar dhálaí oibre

4.1. *Tionchar na hintleachta saorga ar an bhfostaíocht*

4.1.1. Mar gheall ar a thapaíocht atá an intleacht shaorga ag forbairt, ar an éiginnteacht maidir lena comhtháthú ar fud na bpróiseas táirgthe, mar aon lena héifeachtaí ar eagraíochtaí agus ar oibrithe, ní féidir tionchair na hintleachta saorga ar an bhfostaíocht agus ar oibrithe a thuar. Braitheann tionchar na hintleachta saorga ar phoist – bíodh sin cruthú post, modhnú post, tacaíocht post nó scriosadh post – ar an gcaoi a n-úsáidtear í (mar shampla, chun próisis a bharrfheabhsú, costais a laghdú, cur leis an éifeachtúlacht, an nuálaíocht a mhéadú, etc.)

4.1.2. D'fhéadfaí leas a bhaint as an intleacht shaorga, mar shampla, chun: (i) próifílí poist a mheaitseáil le hiarrthóirí ionchasacha agus, ar an gcaoi sin, éifeachtúlacht i mbeartais fostaíochta a fheabhsú; (ii) iarrthóirí oiriúnacha a earcú; (iii) dlús a chur le próisis ionduchtaithe; (iv) feidhmíocht a bhainistiú; (v) modhanna oiliúna pearsantaithe éifeachtacha a cheapadh agus bearnaí scileanna digiteacha a shainaithint; (vi) mórshonraí a bhailiú agus a anailísiú; (vii) miontuairiscí a tharraingt suas; (viii) tuairiscí poist a dhréachtú (ix) coinneáil agus láimhdeachas a bhainistiú agus riachtanais earcaíochta amach anseo a thuar ([21]).

4.1.3. An rud is mó a chuirfidh le tairbhí eacnamaíocha féideartha na hintleachta saorga is ea táirgiúlacht fheabhsaithe ([22]). Mar shampla, cúraimí gnáthrialta agus fadálacha a uathoibriú ([23]), cumais na bhfostaithe a chomhlánú agus am breise a thabhairt d'fhostaithe chun gur féidir leo díriú ar obair níos spreagúla a bhfuil breisluach i gceist léi ([24]). De dhroim na bhforbairtí teicneolaíochta a rinneadh le déanaí, is féidir le córais intleachta saorga teacht in ionad róil an duine nó na róil sin a chomhlánú i raon réimsí atá i bhfad níos éagsúla i gcomparáid leis na teicneolaíochtaí eile a bhí ann roimhe seo, lena n-áirítear cúraimí neamhrialta agus cognaíocha ([25]), go háirithe in earnálacha na sláinte agus an oideachais.

([16]) K. C. Kellogg et al. (2020), *Algorithms at Work: The New Contested Terrain of Control*.
([17]) Is mar sin don scéal i gcás gach uirlise intleachta saorga atá bunaithe ar an meaisínfhoghlaim oiriúnaitheach. Féach an sainmhíniú nuashonraithe ó ECFE.
([18]) ECFE (2024), *The impact of Artificial Intelligence on productivity, distribution and growth*.
([19]) Kellogg et al. (2020); Cazzaniga et al (2024), *Gen-AI: Artificial Intelligence and the Future of Work*.
([20]) T. Babina et al (2024), *Firm Investments in Artificial Intelligence Technologies and Changes in Workforce Composition*.
([21]) Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa (2022), *AI and digital tools in workplace management and evaluation*; Tambe et al, *Artificial Intelligence in Human Resources Management: Challenges and a Path Forward*, California Management Review, 2019.
([22]) PwC (2017), *Sizing the prize*.
([23]) Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa (2022), Hmoud, B. agus Laszo V. L. (2019), *Will Artificial Intelligence Take Over Human Resources Recruitment and Selection*, Network Intelligence Studies.
([24]) PwC (2017).
([25]) ECFE (2024).

4.1.4. Leagtar béim i staidéir a rinneadh le déanaí ar an acmhainneacht atá ag teicneolaíochtaí intleachta saorga giniúnaí a bheith mar chomhlánú ar obair an duine ([26]). Measann EIS ([27]) go bhfuil an acmhainneacht claochlaithe níos mó ná dhá oiread níos mó ná an acmhainneacht uathoibrithe i dtíortha ardioncaim (13,4 % i gcomparáid le 5,1 %, faoi seach). Is neamhchinnte fós na torthaí eimpíreacha, áfach, a mhéid a bhaineann leis na héifeachtaí ar fhostaíocht agus ar tháirgiúlacht ([28]). Ní fios go fóill scála iarbhír na ngnóthachan táirgiúlachta ([29]) agus d'fhéadfaí áibhéil a dhéanamh faoi ([30]). Maidir le hintleacht shaorga ghiniúnach, is suntasach cion na ngairmeacha a bhfuil éiginnteacht ann ina leith ó thaobh uathoibriú agus comhlánú de ([31]) (11,6 % i dtíortha ardioncaim ([32])). A bhuí leis an intleacht shaorga ghiniúnach, is féidir cur le rochtain daoine faoi mhíchumas ar obair ([33]), ach d'fhéadfaí í a úsáid chun a bpoist a uathoibriú freisin.

4.2. **An tionchar suntasach a bheidh ag an intleacht shaorga ar riachtanais scileanna** ([34])

4.2.1. Ar thaobh amháin, déanfaidh an intleacht shaorga macasamhlú ar roinnt scileanna láimhe agus cumais mhíne sícealuaile, maille le scileanna cognaíocha amhail scileanna tuisceana, pleanála agus comhairle. Ar an taobh eile de sin, beidh a thuilleadh tábhachta fós leis na scileanna sin a theastaíonn chun córais intleachta saorga a fhorbairt agus a chothabháil, chun feidhmeanna intleachta saorga a ghlacadh agus a úsáid agus chun idirghníomhú leo. Tiocfaidh méadú ar an éileamh ar bhunscileanna digiteacha agus ar eolaíocht sonraí ([35]). Beidh gá le scileanna cognaíocha agus inaistrithe freisin, scileanna is fearr a chomhlánóidh an intleacht shaorga (lena n-áirítear réiteach cruthaitheach fadhbanna, úrnuacht agus scileanna inaistrithe eile amhail scileanna sóisialta agus bainistíochta ([36])). Beidh tábhacht freisin le scileanna agus eolas bainisteoirí agus ceannairí gnó maidir le glacadh na hintleachta saorga ([37]). Tá fianaise ann go bhfuil easpa scileanna leormhaithe san intleacht shaorga ina bacainn ar úsáid na hintleachta saorga ag an obair ([38]). Is féidir leas a bhaint as an intleacht shaorga freisin chun córais foghlama aosaí a fheabhsú.

4.3. ***Tionchar na hintleachta saorga ar dhálaí oibre***

4.3.1. Thar aon réimse eile, ní fios go fóill tionchar córas intleachta saorga ar dhálaí oibre ([39]). Is é is cúis leis sin go bhfuil sé d'acmhainn ag córais intleachta saorga gníomhaíochtaí agus rialú eagraíochtúil agus bainistíochta a athrú ó bhonn ([40]) agus próisis eagraíochtúla a athdhearadh ar bhealaí doimhne ([41]).

4.3.2. Má úsáidtear uirlisí intleachta saorga go ciallmhar, d'fhéadfaidís feabhas a chur ar dhálaí sláinte agus sábháilteachta tríd an ualach oibre ar oibrithe a laghdú ([42]) agus feabhas a chur ar an gcothromaíocht oibre is saoil ([43]) agus ar an meabhairshláinte ag an obair ([44]). D'fhéadfadh uirlisí intleachta saorga cuidiú le deireadh a chur le tascanna guaiseacha nó iad a laghdú agus cuidiú le neamhoird mhatánchnámharlaigh a sheachaint. Nuair is féidir le hoibrithe am a shábháil ar thascanna, agus an t-am sin athdháilte go cothrom, cuirtear lena bhfolláine. Ach uirlisí intleachta saorga a úsáid chun tascanna atriallacha agus slachtmhara a dhéanamh, is féidir cur leis an sásamh poist ([45]). A bhuí le feidhmeanna intleachta saorga, is féidir cinntí agus cleachtais níos fearr, níos cothroime agus neamh-idirdhealaitheacha a áirithiú ([46]).

([26]) M. Comunale et al.(2024), *The Economic Impacts and the Regulation of AI: A Review of the Academic Literature and Policy Actions*, Páipéar oibre an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta Uimh. 2024/65.
([27]) Gmyrek P. et al. (2023), *Generative AI and jobs: A global analysis of potential effects on job quantity and quality*, Páipéar oibre EIS Uimh. 96.
([28]) Comunale et al. (2024).
([29]) Comunale et al. (2024).
([30]) D. Acemoglu (2024), *The Simple Macroeconomics of AI, Massachusetts Institute of Technology*.
([31]) Gmyrek P. et al. (2023).
([32]) Gmyrek P. et al. (2023), lch. 37.
([33]) ECFE (2024), *Who will be the workers most affected by AI?*, Páipéar oibre Uimh. 26 ó ECFE maidir leis an intleacht shaorga.
([34]) ECFE (2023), *OECD Employment Outlook 2023*.
([35]) Tuarascáil ó Choimisiún na Fraince um Intleacht Shaorga Ghiniúnach, 2024.
([36]) Alekseeva, L. et al. (2021), *The demand for AI skills in the labour market*, Labour Economics, Iml. 71.
([37]) ECFE (2023), *OECD Employment Outlook 2023*.
([38]) ECFE (2023), *The impact of AI on the workplace: Main findings from the OECD AI surveys of employers and workers*.
([39]) Böhmer & H. Schinnenburg (2023), *Critical exploration of AI-driven HRM to build up organizational capabilities*.
([40]) Kellogg et al., (2020), J. Adams-Prassl, H. Abraha et al (2023): *Regulating algorithmic management: A blueprint*, European Labour Law Journal 2023, lml. 14(2) lch. 124-151.
([41]) Nurski L. (2024), *AI at Work, why there's more to it than task automation*, CEPS Explainer.
([42]) Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa (2022), CIPD agus PA Consulting, *People and machines: from hype to reality*, Chartered Institute of Personnel and Development, 2019.
([43]) Staidéar ó Pharlaimint na hEorpa, *Improving working conditions using Artificial Intelligence*, 2021.
([44]) Workplace Intelligence, *AI at Work 2020 Study*.
([45]) ECFE (2023), *OECD Employment Outlook 2023*.
([46]) Pessach, D., Singer, G., Avrahami, D., et al. (2020), *Employees recruitment: A prescriptive analytics approach via machine learning and mathematical programming*. Decision Support Systems.

4.3.3. Féadfar a áirithiú le feidhmeanna intleachta saorga go ndáilfear faisnéis ardcháilíochta ar dhóigh níos cuimsithí, go soláthrófar léargais dhomhain ar shonraí agus go bhfeabhsófar cáilíocht cinntí soiléire.

4.3.4. San am céanna, d'fhéadfadh roinnt rioscaí teacht chun cinn mura gcomhlíontar na coinníollacha maidir le córais intleachta saorga a chur chun feidhme go hiontaofa ag an obair ([47]).

4.3.5. Tá rialú forleatach atá i bhfad níos cumhachtaí ná aon chineál rialaithe eile roimhe seo i gceist le córais bainistithe algartamach, rud a d'fhéadfadh tionchar díobhálach a imirt ar oibrithe ([48]). Bailíodh fianaise ([49]) lena léirítear an drochthionchar a d'fhéadfadh a bheith ag bainistiú algartamach ar shláinte agus ar shábháilteacht oibrithe agus an easpa spéise corparáidí maidir le teicneolaíochtaí den chineál sin a úsáid chun sláinte agus sábháilteacht cheirde a fheabhsú.

4.3.6. D'fhéadfadh **faireachas mí-úsáideach, idirdhealú**, **caillteanas neamhspleáchais agus rioscaí síceasóisialta** ([50]) a bheith ann d'oibrithe. Is féidir le huirlisí intleachta saorga cur isteach ar fhoirne san ionad oibre agus an leithlisiú i measc fostaithe a ghéarú.

4.3.7. D'fhéadfadh córais intleachta saorga bearnaí faisnéise idir an lucht bainistíochta agus oibrithe a ghéarú ([51]).

4.4. ***Aghaidh a thabhairt ar neamhionannais***

4.4.1. *Léiríodh le staidéir a rinneadh le déanaí maidir leis an intleacht shaorga ghiniúnach go bhfuil sé d'acmhainn ag na córais sin* ***neamhionannais*** *a laghdú, iad a bhuanú nó rioscaí nua neamhionannais a chruthú, fiú.*

4.4.1.1. D'fhéadfaí neamhionannais idir oibrithe ardoilte agus oibrithe ar bheagán oiliúna a laghdú. Is léir ó fhormhór na staidéar a rinneadh gur gairmithe ardoilte an bhóna bháin is mó a bheidh thíos le rioscaí fostaíochta mar thoradh ar ghlacadh na hintleachta saorga giniúnaí ([52]). Nuair a chuirtear an intleacht shaorga ghiniúnach chun feidhme ar mhaithe leis an nuálaíocht i gcuideachtaí a mhéadú, le heagrú na hoibre a fheabhsú agus le borradh a chur faoi phoist ardcháilíochta, is oibrithe ar bheagán oiliúna agus ar bheagán taithí is mó a bhainfidh tairbhe as uirlisí intleachta saorga giniúnaí. Is féidir samhlacha intleachta saorga a úsáid freisin chun dea-chleachtais oibrithe ar mhórán taithí a chomhroinnt le hearcaigh nua ([53]).

4.4.1.2. Is iad na mná, oibrithe ar bheagán oiliúna agus oibrithe scothaosta na grúpaí leochaileacha is mó a ndéanann an intleacht shaorga difear dóibh ([54]). Ós dóchúla gur poist chléireachais is mó a dhéanfar a uathoibriú, ní hionann na héifeachtaí fostaíochta do mhná agus d'fhir. Tá sé níos mó ná dhá oiread níos dóichí gurb iad na mná a bheidh thíos leis an uathoibriú ([55]) agus is iadsan is mó a bhíonn imníoch faoi na hathruithe a d'fhéadfadh teacht ar a bpoist.

4.4.1.3. I dtíortha áirithe, is íseal sciar na mban ar céimithe iad i réimsí ETIM, san eolaíocht ríomhaireachta agus sa teicneolaíocht faisnéise. Cruthaíonn sé sin dúshláin shuntasacha maidir le comhionannas inscne san fhostaíocht agus neamhionannais phá, go háirithe agus úsáid na hintleachta saorga ag dul i méid ([56]). Is fearr aghaidh a thabhairt ar shaincheist an chomhionannais inscne ar gach uile leibhéal. Nithe ríthábhachtacha is ea an t-idirphlé sóisialta agus beartais fheabhsaithe má táthar chun na treochtaí sin a réamh-mheas.

4.4.2. *Neamhionannais dhomhanda nua*

4.4.2.1. Is oibrithe dofheicthe a bhíonn taobh thiar d'fhorbairt na hintleachta saorga, oibrithe atá lonnaithe den chuid is mó i dtíortha ísealioncaim agus a bhíonn ag obair faoi dhrochdhálaí oibre ([57]).

([47]) V. Mandinaud, A. Ponce del Castillo (2024), *AI systems, risks and working conditions AI systems, risks and working conditions, in Artificial intelligence, labour and society*, ETUI.
([48]) Kellogg et al. 2020.
([49]) EU-OSHA(2024), *Worker management through AI - From technology development to the impacts on workers and their safety and health*, 2024.
([50]) EU-OSHA (2022), *OSH Pulse - Occupational safety and health in post-pandemic workplaces*, 2022.
([51]) ECFE (2023).
([52]) Eloundou, T. et al. (2023), *GPTs are GPTs: An Early Look at the Labor Market Impact Potential of Large Language Models*.
([53]) Comunale et al. (2024); Brynjolfsson E. et al. (2023): *Generative AI at work*, Páipéar Oibre NBER Uimh. 3116.
([54]) ECFE, 2024.
([55]) Suirbhé domhanda EIS ar oibrithe micreathascanna (2017), Tubaro et al. (2020). *The trainer, the verifier, the imitator: Three ways in which human platform workers support artificial intelligence*. Big Data & Society, 7(1).
([56]) Tuarascáil ó Choimisiún na Fraince um Intleacht Shaorga Ghiniúnach, 2024.
([57]) Ar an leibhéal domhanda, is oibrithe dofheicthe a bhíonn taobh thiar d'fhorbairt na hintleachta saorga, oibrithe atá lonnaithe den chuid is mó i dtíortha ísealioncaim agus a bhíonn ag obair faoi dhrochdhálaí oibre. Tubaro et al. (2020).

4.5. ***An ról ríthábhachtach atá ag an idirphlé sóisialta agus ag rannpháirtíocht na n-oibrithe maidir le leas a bhaint as acmhainneacht na hintleachta saorga.***

4.5.1. I ngeall ar ghnéithe sonracha na gcóras intleachta saorga agus a dtionchar ar shaincheisteanna eagraíochtúla, tá ríthábhacht le glacadh, iontaofacht agus muinín i dtaca le forbairt agus glacadh na hintleachta saorga más uainn éifeachtaí dearfacha na hintleachta saorga a chur chun cinn ([58]).

4.5.2. Tá fianaise ann go mbíonn feidhmíocht agus dálaí oibre níos fearr ann nuair a théitear i gcomhairle le hionadaithe oibrithe ([59]). Nuair a dhéanann oibrithe cinntí i dteannta a chéile, cuidíonn sé sin le príobháideachas, neamhspleáchas agus discréid oibrithe a chosaint i gcoinne teicneolaíochtaí bainistithe lucht saothair ([60]).

4.5.3. D'fhonn idirphlé sóisialta éifeachtach a áirithiú i ngach eintiteas ina n-úsáidtear an intleacht shaorga, iarrann CESE go gcuirfí treoir shainráite ar fáil ina leith sin i dtéacsanna ábhartha dlíthiúla agus neamhdhlíthiúla.

4.5.4. Ba cheart é a bheith faoin duine agus faoi gheallsealbhóirí úsáidí agus cuspóir na hintleachta saorga inár sochaithe agus ag an obair a roghnú. Ba cheart do na comhpháirtithe sóisialta agus do na saoránaigh a bheith rannpháirteach i ndíospóireachtaí poiblí, sa litearthacht agus san oiliúint i dtaca leis an intleacht shaorga.

4.6. ***Bímis ullamh i leith na hintleachta saorga*** ([61])

4.6.1. D'fhonn leas a bhaint as cur chun feidhme na hintleachta saorga ag an obair, iarrann CESE ar an gCoimisiún Eorpach an méid seo a leanas a chur chun cinn:

4.6.1.1. go ndéanfadh an lucht ceaptha beartas ar gach leibhéal athbhreithniú ar bheartais scileanna lena áirithiú go mbeadh córais intleachta saorga atá ag teacht chun cinn ina gcrann taca d'oibrithe seachas mar ionadú orthu;

4.6.1.2. go mbeadh beartais phoiblí ann chun modúil maidir leis an intleacht shaorga a cheapadh i luathchéimeanna an oideachais agus na hoiliúna agus chun ábhar múscailte feasachta maidir leis an intleacht shaorga a chur ar fáil do shaoránaigh. Faoi na beartais sin, ba cheart oideachas foirmiúil a chur ar fáil maidir le teicneolaíochtaí intleachta saorga ag céim luath, rud a chuirfeadh ar chumas na saoránach uile dul i dtaithí orthu;

4.6.1.3. go gcuirfí Airteagal 4 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga chun feidhme go tapa, faoina gcaithfidh soláthraithe agus imlonnaitheoirí córas intleachta saorga bearta a ghlacadh chun leibhéal leordhóthanach litearthachta san intleacht shaorga a áirithiú i measc a bhfoirne.

5. **Forfheidhmiú agus oiriúnú reachtaíocht reatha an Aontais**

5.1. ***Níl RGCS*** ([62]) ***deartha chun dul i ngleic le saincheisteanna cosanta sonraí san ionad oibre.***

5.1.1. Ní leor bunúis dlí RGCS iontu féin chun an riosca a bhaineann le córais dhíobhálacha intleachta saorga ag an obair a mhaolú óir ní chuirtear san áireamh leo cineál sonrach na gcóras intleachta saorga a mhéid a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs na fostaíochta agus na háite oibre.

5.1.2. Tá comhdhearcadh ann nach bonn bailí le haghaidh próiseáil sonraí é toiliú fostaithe ná leas dlisteanach nuair atá éagothroime cumhachta san ionad oibre ([63]). Léiríodh i suirbhé a rinneadh le déanaí ar 6 300 oibrí i dtíortha Nordacha go dtarlaíonn mí-úsáid ar fud na n-earnálacha go léir a cumhdaíodh leis an staidéar nuair is ann don éagothroime cumhachta ([64]).

5.1.3. Is teoranta an raon feidhme atá ag Airteagal 15(1)(h) de RGCS maidir le ceanglais trédhearcachta toisc go n-eisiatar leis cinnteoireacht leath-uathoibrithe.

([58]) ECFE (2024).
([59]) ECFE (2023), *The impact of AI on the workplace: Main findings from the OECD AI surveys of employers and workers*.
([60]) FEPS (2024), *Algorithm by and for the workers*.
([61]) Cazzaniga et al. (2024).
([62]) IO L 119, 4.5.2016, lch. 1.
([63]) Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa (2022).
([64]) FEPS (2024).

5.1.4. In amanna, is mó an tionchar atá ag próiseáil na sonraí a bhailítear ó fhostaithe eile ná na sonraí a bhailítear a bhaineann leo féin ([65]). Tá teorainn le cearta na gceardchumann nó na n-ionadaithe oibrithe maidir le bailiú agus próiseáil sonraí a rialú. Glactar leis gurb é an duine aonair i gcónaí a bhíonn thíos leis an díobháil a bhaineann le príobháideachas. Is laige shuntasach i gcórais bainistithe algartamach é sin. Thairis sin, ní leor na forálacha maidir le measúnuithe tionchair a bhaineann le cosaint sonraí.

5.1.5. Luaitear in Airteagal 88 de RGCS go dtabharfar aghaidh ar phróiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs na fostaíochta trí 'rialacha níos sonraí' a shocróidh na Ballstáit le dlí nó le comhaontuithe comhchoiteanna ([66]). Ó tháinig RGCS i bhfeidhm, níor cuireadh Airteagal 88 chun feidhme go maith agus rinneadh neamhaird de i mbeagnach gach Ballstát ([67]).

5.1.6. Ar mhaithe le cumhacht bhreise a thabhairt d'oibrithe ar a gcuid sonraí, iarrann CESE ar an gCoimisiún Eorpach bearta a ghlacadh lena áirithiú go ndéanfar Airteagal 88 de RGCS a fhorfheidhmiú go héifeachtach.

5.2. ***An Gníomh um an Intleacht Shaorga***

5.2.1. Is é an sprioc uileghabhálach atá leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga glacadh agus leathadh na hintleachta saorga san Aontas a spreagadh trí chreat dlíthiúil aonfhoirmeach le haghaidh 'intleacht shaorga iontaofa' a chur chun cinn, bunaithe ar an loighic go dtiocfaidh méadú ar ghlacadh na hintleachta saorga má thugtar aghaidh ar na rioscaí lena mbaineann. Reachtaíocht thrasearnálach is ea an Rialachán agus tá roinnt cuspóirí lárnacha aige, amhail ardleibhéal cosanta don tsláinte, don tsábháilteacht agus do chearta bunúsacha. Tá bunús dlí an Ghnímh um an Intleacht Shaorga bunaithe go príomha ar fhorálacha an mhargaidh aonair in CFAE. Níl an Gníomh um an Intleacht Shaorga deartha chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna san ionad oibre ([68]).

5.2.2. Leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga, forchuirtear teorainneacha ar úsáid na hintleachta saorga san ionad oibre trí thoirmeasc a chur ar chórais áirithe, sin agus diancheanglais a bhaineann le soláthar nó cur chun feidhme córas intleachta saorga, go háirithe na córais sin a aicmítear mar chórais ardriosca mar gheall ar a gcur i bhfeidhm san fhostaíocht, i mbainistiú oibrithe agus sa rochtain ar fhéinfhostaíocht. I ndáil leis an méid sin, is céim thábhachtach sa treo ceart é an Gníomh um an Intleacht Shaorga.

5.2.3. Aithníonn CESE go bhfuil roinnt lúba ar lár sa Ghníomh um an Intleacht Shaorga maidir le cearta bunúsacha san ionad oibre.

5.2.3.1. Aithnítear sa Ghníomh um an Intleacht Shaorga nach leor sainmhíniú *ex ante* a thabhairt ar céard is riosca ann chun cosaint a thabhairt ar an díobháil a d'fhéadfadh a bheith ag baint le córais intleachta saorga agus nach féidir é a chinneadh go hiomlán roimh ré, ós rud é go mbraitheann sé freisin ar chomhthéacs an chur chun feidhme ([69]). Ní mór na córais le haghaidh bhainistiú na rioscaí a bhaineann le córais ardriosca intleachta saorga a chur chun feidhme ar feadh shaolré iomlán an chórais (Airteagal 9). Mar sin féin, aithnítear go sainráite sa Ghníomh um an Intleacht Shaorga go bhféadfadh córas intleachta saorga a bheith ina riosca do shláinte nó do shábháilteacht daoine nó do chearta bunúsacha, fiú má tá sé i gcomhréir leis an Rialachán. (Airteagal 82) ([70]).

5.2.3.2. Ní bhaineann an oibleagáid measúnú tionchair ar chearta bunúsacha a dhéanamh ar chórais ardriosca ach amháin le comhlachtaí arna rialú faoin dlí poiblí, le heintitis phríobháideacha a sholáthraíonn seirbhís phoiblí agus le heintitis bhainc agus árachais (Airteagal 27).

5.2.3.3. Tá sé de cheart ag ionadaithe oibrithe go gcuirfí ar an eolas iad ach níl sé de cheart acu go rachfaí i gcomhairle leo (Airteagal 26(7)). Ní cheadaítear boscaí gainimh rialála (Airteagal 57) agus tástáil córas ardriosca faoi fhíordhálaí (Airteagal 60) ach amháin sula gcuirtear an córas i mbun seirbhíse.

([65]) Martin Tisné (2020): *The Data Delusion: protecting individual data isn't enough when the harm is collective*, Luminate, Ionad Ollscoil Stanford um Chibearbheartas.

([66]) Is beag aird atá tugtha ar Airteagal 88 i mBallstáit an Aontais go nuige seo.

([67]) Abraha H. (2023), Article 88 GDPR and the Interplay between EU and Member State Employee Data protection rules, The Modern Law Review.

([68]) Aida Ponce Del Castillo, The EU's AI Act: governing through uncertainties and complexity, identifying opportunities for action, global workplace law and policy, [Gníomh an Aontais Eorpaigh um an Intleacht Shaorga: rialú a dhéanamh trí éiginnteachtaí agus castacht, deiseanna gníomhaíochta a shainaithint, dlí agus beartas domhanda an ionaid oibre] kluwerlawonline.com, 2024.

([69]) Isabel Kusche (2024): Possible harms of artificial intelligence and the EU AI act: fundamental rights and risk, Journal of Risk Research.

([70]) Isabel Kusche (2024).

5.2.3.4. Measann CESE go bhfuil gá le tástáil chun go mbeidh eagraíochtaí in ann rioscaí a shainaithint, tástáil a dhéanamh le haghaidh iarmhairtí neamhbheartaithe agus algartaim a mhionchoigeartú i dtimpeallacht rialaithe sula gcuirfear in úsáid go hiomlán iad. Ba cheart treoir shainráite a bheith mar thaca leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga chun soiléireacht dhlíthiúil a chur ar fáil agus chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm agus go bhforfheidhmeofar é go comhsheasmhach.

5.2.4. D'fhonn dul i ngleic leis na saincheisteanna sin, iarrann CESE ar an Oifig um Intleacht Shaorga dlúthchomhar a bhunú leis na comhpháirtithe sóisialta trasearnála Eorpacha agus a céad treoirlínte á gceapadh aici. Ar an dóigh sin, is féidir treoirlínte agus soiléirithe soiléire a chur ar fáil maidir le córais intleachta saorga a chuireann mothúcháin daoine nádúrtha in iúl. Ba cheart bealaí comhordúcháin atá domhain, láidir agus struchtúrtha go soiléir a bhunú idir an Oifig um Intleacht Shaorga agus AS EMPL agus AS Connect an Choimisiúin Eorpaigh.

5.2.5. Measann CESE gur faoi na soláthraithe atá sé Measúnú Tionchair *ex ante* ar Chearta Bunúsacha a dhéanamh i gcás córais ardriosca sula gcuirtear chun feidhme i ngach eintiteas iad.

5.2.6. Iarrann CESE go n-áireofaí treoirlínte soiléire maidir leis an gcaoi ar féidir boscaí gainimh agus dálaí tástála san fhíorshaol a úsáid i dtionscnaimh atá ar na bacáin maidir leis an intleacht shaorga ag an obair.

5.3. ***Treoracha maidir le fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo, sábháilteacht agus sláinte oibrithe ag an obair agus creat-chomhaontú uathrialach na gcomhpháirtithe sóisialta Eorpacha maidir leis an digiteáil***

5.3.1. Le Treoir 2002/14/CE ([71]), ráthaítear cearta comhchoiteanna chun faisnéise agus chun comhairliúcháin d'ionadaithe fostaithe agus cumhdaítear aon réamhbheart atá ina bhagairt don fhostaíocht, mar aon le haon chinneadh as a n-eascraíonn 'athruithe substaintiúla' ar eagrú na hoibre (Airteagal 4). Faoi Threoir 89/391/CE ([72]), ní mór d'fhostóirí sábháilteacht agus sláinte oibrithe a áirithiú i ngach gníomhaíocht oibre agus ní mór dóibh faisnéis agus oiliúint a chur ar fáil agus dul i gcomhairle le hionadaithe oibrithe maidir leis an tsláinte agus an tsábháilteacht. Mar sin féin, mar gheall ar an mbealach doiléir ina dtugtar uirlisí intleachta saorga isteach, ar a gcineál athraitheach agus ar an gcastacht a bhaineann le 'athruithe substaintiúla' a shainiú, ní mór na Treoracha sin a neartú trí threoir shainráite.

5.3.2. Tá cineál atriallach agus athraitheach na gcóras intleachta saorga ag teacht leis an bpróiseas idirphlé atriallach i gcreat-chomhaontú uathrialach na gcomhpháirtithe sóisialta Eorpacha maidir leis an digiteáil ([73]).

5.3.3. Mar sin féin, is beag aird a thugtar sa chomhaontú ar shaincheisteanna a bhaineann leis an intleacht shaorga agus, na gníomhaíochtaí sonracha atá déanta ag comhpháirtithe sóisialta náisiúnta i ndáil le cur chun feidhme na hintleachta saorga, tá siad measartha teoranta. Díríodh den chuid is mó ar shaincheisteanna a bhaineann leis an teilea-obair agus leis an gceart chun dícheangail.

5.3.4. Iarrann CESE ar an gCoimisiún Eorpach aghaidh a thabhairt go soiléir ar an intleacht shaorga le hionstraim *ad hoc* d'fhonn gné dhinimiciúil an idirphlé shóisialta agus na measúnuithe riosca sláinte agus sábháilteachta ar chórais intleachta saorga sa chomhaontú uathrialach a chur san áireamh.

5.4. ***An Treoir maidir le hObair Ardáin*** ([74])

5.4.1. Tá forálacha sa Treoir maidir le hObair Ardáin lena bhféadfaí córais faireacháin agus cinnteoireachta uathoibrithe a rialáil go héifeachtach. Go sonrach, i gCaibidil III ([75]):

— leathnaítear córas trédhearcachta algartamach RGCS chun cinntí lán-uathoibrithe agus leath-uathoibrithe a chumhdach;

— bunaítear ceart comhchoiteann chun faisnéise agus saineolais trína cheangal ar ardáin saothair dhigiteacha a chinntiú go bhfuil córais bainistithe algartamacha intuigthe d'oibrithe ardáin, dá n-ionadaithe agus d'údaráis saothair;

— foráiltear go gcuirfidh na hardáin eolas maidir leis an measúnú tionchair ar chosaint sonraí measúnú ar fáil d'ionadaithe oibrithe;

([71]) IO L 80, 23.3.2002, lch. 29.
([72]) IO L 183, 29.6.1989, lch. 1.
([73]) https://resourcecentre.etuc.org/agreement/framework-agreement-digitalisation.
([74]) IO L, 2024/2831, 11.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/2831/oj.
([75]) J. Adams-Prassl, H. Abraha et al (2023).

— toirmisctear próiseáil sonraí pearsanta ‘nach bhfuil nasctha go dlúth le comhlíonadh a gconartha ná nach bhfuil fíorghá leo chun a gconradh a chomhlíonadh’ agus cuirtear cosc ar phróiseáil aon sonraí pearsanta ‘maidir le staid mhothúchánach nó shíceolaíoch’ na n-oibrithe ardáin i ngach imthoisc;

— tugtar isteach ceanglas maidir le faireachán daonna (Airteagal 10 maidir le faireachán daonna ar chórais faireacháin uathoibrithe agus córais chinnteoireachta uathoibrithe agus Airteagal 11 maidir le hathbhreithniú daonna);

— tugtar isteach, in Airteagal 12 maidir leis an tsábháilteacht agus an tsláinte, ceanglais shonracha maidir le meastóireacht a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le córais uathoibrithe faireacháin nó chinnteoireachta do shábháilteacht agus do shláinte oibrithe.

5.4.2. Níl feidhm ag forálacha Chaibidil III den Treoir maidir le hObair Ardáin ach amháin maidir le daoine a dhéanann obair ardáin. Mar sin féin, tá cleachtais bainistithe algartamach i ngnáthionaid oibre i bhfeidhm ([76]), mar shampla, chun sealanna oibre a leithdháileadh agus a bharrfheabhsú, iarrthóirí poist a scagadh agus a mheasúnú, feidhmíocht fostaíochta a mheas agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna acmhainní daonna. Iarrann CESE ar an gCoimisiún Eorpach raon feidhme fhorálacha Chaibidil III den Treoir maidir le hObair Ardáin a leathnú chun gach oibrí a chumhdach.

An Bhruiséil, an 22 Eanáir 2025

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE

([76]) EU Science Hub (2024), *Algorithmic management practices in regular workplaces are already a reality*.

FOSCRÍBHINN I

Le linn na díospóireachta, diúltaíodh don leasú seo a leanas a raibh an ceathrú cuid ar a laghad de na vótaí arna gcaitheamh ar a shon (Riail 14(3) de na Rialacha Nós Imeachta):

LEASÚ 1

SOC/803

Intleacht shaorga atá chun tairbhe don oibrí

An téacs seo a leanas a chur in ionad na tuairime iomláine a chuir Rannóg SOC i láthair (cúis ag deireadh an doiciméid):

Amendment

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Agus réabhlóid dhigiteach eile ar tí titim amach sa domhan seo de thoradh leathadh na hintleachta saorga, tá deis nua ag an Eoraip a lochtanna sa nuálaíocht agus sa táirgiúlacht a chur ina gceart agus a hacmhainneacht monaraíochta a athbhunú ([1]).

1.2. Mar atá cúrsaí faoi láthair, níl éirí go rómhaith leis an Eoraip i réimse na dteicneolaíochtaí digiteacha amhail an intleacht shaorga ([2]). Tá na Stáit Aontaithe agus an tSín go maith chun tosaigh ar an Eoraip cheana féin agus beidh sé deacair an bhearna sin a shárú ([3]). Thairis sin, tá difríochtaí móra i bhfás na táirgiúlachta saothair idir na Stáit Aontaithe agus an tAontas (an limistéar euro) ([4]). Ó bhí an phaindéim ann go dtí lár 2024, tháinig méadú 0,9 % ar an táirgiúlacht saothair in aghaidh na huaire oibre sa limistéar euro, i gcomparáid le méadú 6,7 % sna Stáit Aontaithe. Áitíonn an Banc Ceannais Eorpach in anailís dá chuid go mbaineann na figiúirí sin leis an siar is aniar seasta a bhíonn ann sa mhargadh saothair agus le hinfheistíocht níos airde sa digitiú ([5]).

1.3. D'fhéadfadh tairbhí ollmhóra a bheith ag baint leis an intleacht shaorga a sheoladh, mar shampla is rud í a chuireann leis an iomaíochas agus an táirgiúlacht, a chuireann borradh faoin nuálaíocht agus an dul chun cinn eolaíoch ([6]), a chuireann dlús leis an aistriú glas ([7]) agus a thacaíonn le dálaí oibre a fheabhsú. Ní mór dúinn a chinntiú nach ligfidh an tAontas deis seo an aistrithe dhigitigh thairis. Chun gur féidir leas a bhaint as acmhainneacht na hintleachta saorga, ní mór deireadh a chur leis na miotais agus an eagla a bhíonn ann ina leith agus iad a mhaolú.

1.4. Baineann tairbhí leis an intleacht shaorga i saol na hoibre chomh maith, ina measc sin: tascanna atriallacha agus fadálacha a uathoibriú; cumais na bhfostaithe a chomhlánú agus tuilleadh ama a thabhairt dóibh chun díriú ar obair níos spreagúla agus níos luachmhaire; ligean d'oibrithe tascanna a chur i gcrích níos tapúla agus cáilíocht a n-aschuir a fheabhsú. Is féidir leis an intleacht shaorga tacú freisin le feabhas a chur ar eagrú na hoibre agus ar dhearadh na bpost, mar aon leis na scileanna a bheidh ag teastáil agus na riachtanais earcaíochta a bheidh ann sula i bhfad a shainaithint ar bhealach níos fearr ([8]). Chun gur féidir na tairbhí sin a bhaint aisti, is gá go nglacfadh an lucht saothair léi go forleathan agus is gá an oiliúint a bheidh ag teastáil ó na hoibrithe a chur ar fáil dóibh chun gur féidir an intleacht shaorga a sheoladh agus a chur in úsáid ag an obair. Meabhraíonn CESE nach mór an prionsabal 'duine i gceannas' a urramú i gcónaí agus an intleacht shaorga á forbairt, á seoladh agus á húsáid.

1.5. Agus an intleacht shaorga á seoladh go fada fairsing, is fearr a bheidh bainisteoirí agus oibrithe in ann sláinte agus sábháilteacht ag an obair a fheabhsú mar go neartóidh sí measúnuithe riosca neamhchlaonta fianaisebhunaithe, mar go mbeifear in ann iniúchtaí spriocdhírithe sláinte agus sábháilteachta a dhéanamh agus mar gur fearr a bheifear in ann cásanna (lena n-áirítear rioscaí síceasóisialta) a shainaithint inar gá idirghabháil a dhéanamh. Áirítear leis sin teacht roimh a thuilleadh tionóiscí ag an obair ([9]).

([1]) An Coimisiún Eorpach (2024) *The future of European competitiveness part A a competitiveness strategy for Europe*.
([2]) Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa, AI investment: EU and global indicators.
([3]) An Coimisiún Eorpach (2024) *The future of European competitiveness part B In-depth analysis of recommendations*.
([4]) https://www.ecb.europa.eu/press/economic-bulletin/focus/2024/html/ecb.ebbox202406_01~9c8418b554.en.html.
([5]) https://www.ecb.europa.eu/press/economic-bulletin/focus/2024/html/ecb.ebbox202404_01~3ceb83e0e4.en.html.
([6]) Féach mar shampla Domhan na hIntleachta Saorga ag CEPS Navigate Tomorrow's Intelligence Today/AI World.
([7]) ECFE (2024), *OECD Digital Economy Outlook 2024 (Volume 1): Embracing the Technology Frontier*, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, https://doi.org/10.1787/a1689dc5-en.
([8]) Féach mar shampla Lane, M., M. Williams agus S. Broecke (2023), 'The impact of AI on the workplace: Main findings from the OECD AI surveys of employers and workers', *OECD Social, Employment and Migration Working Papers*, Uimh. 288, Foilsitheoireacht ECFE, Páras.
([9]) EU-OSHA (2021) *Impact of artificial intelligence on occupational safety and health*.

1.6. Ag an am céanna, tá idir eagla agus imní ann maidir leis an intleacht shaorga a úsáid a thuilleadh fós i saol na hoibre. Tá eagla ar dhaoine, mar shampla, go n-éireodh an obair ní ba dhéine agus go mbeadh a thuilleadh struis ar oibrithe dá bharr sin, go mbeadh a thuilleadh faireacháin agus rialaithe ann, nach mbeadh formhaoirseacht dhaonna leordhóthanach ann, nach mbeadh an t-oibrí chomh neamhspleách céanna agus go ndéanfaí a scileanna a dhímheas go tapa.

1.7. Chun cur i gcoinne na heagla sin, tá ról na gcomhpháirtithe sóisialta agus an idirphlé shóisialta ar gach leibhéal ríthábhachtach. Le gur féidir intleacht shaorga de chineál freagrach agus 'iontaofa' a chur chun cinn ag an obair, tá CESE den bharúil gur gá timpeallacht dhearfach chumasúcháin a bheith ann don idirphlé sóisialta i gcomhréir leis na rialacha agus na cleachtais náisiúnta.

1.8. Tugann CESE dá aire go n-áirítear 116 phíosa reachtaíochta san iomlán i gclár oibre digiteach an Aontais do 2030 ([10]). Go sonrach, tá tionchar na hintleachta saorga ar shaol na hoibre clúdaithe cheana féin faoi reachtaíocht an Aontais maidir leis an intleacht, faoi réir an phrionsabail 'duine i gceannas', agus faoin reachtaíocht shóisialta atá ann chomh maith ([11]). Is den ríthábhacht an creat dlíthiúil atá ann cheana a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ar mhaithe le seoladh rianúil na hintleachta saorga a áirithiú, agus sin ar a sheal chun gur féidir dul chun cinn eacnamaíoch agus teicneolaíoch a chur chun cinn san Aontas.

1.9. I ngeall ar an méid sin ar fad, is oth le CESE, in ainneoin an chreata reachtaigh fhairsing atá ann cheana lena rialaítear an intleacht shaorga go cuimsitheach agus go leordhóthanach i saol na hoibre, go measann an Coimisiún Eorpach go bhfuil gá fós le reachtaíocht nua maidir le tionchar na digiteála i saol na hoibre ([12]). Tá sé sin ag teacht salach ar an ngealltanas polaitiúil atá tugtha an reachtaíocht a shimpliú agus na ceanglais rialála agus tuairiscithe a laghdú 25 %. Níor mhaith an tuar don intleacht shaorga san Aontas in aon chor é, sin le rá dá cur chun feidhme agus dá hinfheistíochtaí, dá n-athrófaí an creat rialála atá ann cheana fiú sula gcuirfí chun feidhme é.

1.10. Ina ionad sin, ba cheart don Choimisiún cead a thabhairt do chuideachtaí cur chuige freagrach eiticiúil a fhorbairt chun oibriú le teicneolaíochtaí intleachta saorga laistigh den chreat dlíthiúil atá ann faoi láthair. Ar an gcaoi sin, chinnteofaí go n-urramófaí neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta agus go mbainfí leas as seoladh na hintleachta saorga mar uirlis chun feabhas a chur ar dhálaí oibre, dlús a chur leis an aistriú glas agus borradh a chur faoi iomaíochas an Aontais.

1.11. Chun tacú go héifeachtach le cuideachtaí, go háirithe FBManna, agus an intleacht shaorga á glacadh chucu acu, is gá: (i) an reachtaíocht agus an treoraíocht atá ann cheana a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go héifeachtúil agus go héifeachtach, agus gach aon iarracht á déanamh chun nach dtabharfaí isteach aon cheanglas breise ná ceanglais iomadúla tuairiscithe; (ii) idirphlé sóisialta láidir a bheith ann trí chumais na gcomhpháirtithe sóisialta a threisiú agus cleachtais náisiúnta á n-urramú ag an am céanna agus; (iii) lucht saothair oilte a bheith ann mar aon le deiseanna iomchuí oiliúna.

2. **Na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann leis an intleacht shaorga do gheilleagar an Aontais**

2.1. Ullmhaíodh tuairim SOC/803 ar bhonn an togra le haghaidh tuairim féintionscaimh a chuir Grúpa II chun cinn (faoin teideal bunaidh *Ar son intleacht shaorga atá chun tairbhe don oibrí: ról na gceardchumann maidir leis na tionchair dhiúltacha ar shaol na hoibre a chosc agus a íoslaghdú*). Ba é ab aidhm don tuairim féintionscnaimh sin tionchar na hintleachta saorga ar shaol na hoibre a mheas agus tograí (reachtach agus neamhreachtach) agus moltaí a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar an gcosaint do phríobháideachas agus do chearta bunúsacha lucht na hoibre. Rinneadh an tuairim féintionscnaimh a chumasc leis an tústuairim *An intleacht shaorga agus na deiseanna agus na rioscaí a bhaineann léi ó thaobh beartais fostaíochta agus bheartais an mhargaidh saothair* arna hiarraidh ag Uachtaránacht na Polainne ([13]).

([10]) Bruegel_factsheet_2024_0.pdf.

([11]) Tá tuilleadh tagairtí le fáil i gcuid 3 den fhriththuairim seo.

([12]) Mar a luaitear i litir mhisin Roxana Mînzatu, Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin.

([13]) Ba é teideal na tústuairime a d'iarr Uachtaránacht na Polainne *An intleacht shaorga agus na deiseanna agus na rioscaí a bhaineann léi ó thaobh beartais fostaíochta agus bheartais an mhargaidh saothair*.

2.2. Creideann CESE go bhféadfadh buntáistí ollmhóra a bheith ag baint leis an intleacht shaorga. D'fhéadfadh sí a bheith ina huirlis mar shampla chun gnóthachain táirgiúlachta ní b'fhearr a bhaint amach, chun dlús a chur leis an dul chun cinn eolaíoch agus chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide ([14]). Is rud í a chuireann an nuálaíocht chun cinn agus tá sé ráite ina leith go bhfuil sí ina fórsa claochlaitheach a bhfuil ár ngeilleagar ar fad á athrú aici, rud atá fíor ([15]). Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeidh gnólachtaí an Aontais ar thús cadhnaíochta san fhorbairt seo chun feabhas a chur ar iomaíochas agus ar sheasamh an Aontais mar thagairt idirnáisiúnta i réimse na hintleachta saorga. *'Trínár nIntleacht Shaorga, tá an Eoraip ar thús cadhnaíochta cheana féin maidir leis an intleacht shaorga a dhéanamh níos sábháilte agus níos iontaofa – chomh maith le dul i ngleic leis na rioscaí a eascraíonn as a mí-úsáid. Ní mór dúinn ár n-iarrachtaí a dhíriú anois chun go mbeimid inár gceannródaí domhanda i nuálaíocht na hintleachta saorga*' ([16]).

2.3. Deis don Eoraip atá san aistriú digiteach, ach tá dúshláin nach beag romhainn. Léirítear le meastacháin go bhfuil méadú tapa tagtha ar ghlacadh uirlisí intleachta saorga i gcuideachtaí Eorpacha, tar éis tús mall, agus sin ó tháinig ann d'uirlisí intleachta saorga giniúnaí. Mar sin féin, is cosúil go bhfuil neamhréir shuntasach ann idir a n-úsáid i bhfiontair mhóra agus in FBManna ([17]). Tá difríochtaí ann freisin ó earnáil go hearnáil agus ó thír go tír: de réir Eurostat, in 2023, bhí úsáid na hintleachta saorga ann go forleathan in earnálacha na faisnéise agus na cumarsáide agus i ngníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíocha agus teicniúla, fad agus go raibh a glacadh níos teoranta in earnálacha eile. Bhí difríochtaí suntasacha ann freisin maidir lena glacadh ar fud thíortha an Aontais ([18]).

2.4. Sonraítear i dtuarascáil Draghi go bhfuil deis nua ag an Eoraip, agus réabhlóid dhigiteach eile ar tí titim amach sa domhan seo de thoradh leathadh na hintleachta saorga, a lochtanna sa nuálaíocht agus sa táirgiúlacht a chur ina gceart agus a hacmhainneacht monaraíochta a athbhunú ([19]). Níl éirí go rómhaith leis an Eoraip áfach i réimse na dteicneolaíochtaí digiteacha amhail an intleacht shaorga. Tá na Stáit Aontaithe agus an tSín go maith chun tosaigh ar an Eoraip cheana féin agus beidh sé deacair an bhearna sin a shárú ([20]).

2.5. Tá uirlis forbartha ag Ollscoil Stanford, an '*Global AI Vibrancy Tool*' ([21]), a léiríonn cá dtagann na tíortha aonair ó thaobh Bheocht na hIntleachta Saorga de. Tá na Stáit Aontaithe, an tSín agus an Ríocht Aontaithe ar an gcéad thrí thír sa rangú, fad agus nach dtagann ach dhá Bhallstát AE i measc na 10 dtír is fearr (tá an Fhrainc sa chúigiú háit agus an Ghearmáin san ochtú háit). A mhéid a bhaineann le háit bunaidh samhlacha intleachta saorga, de réir Thuarascáil Innéacs na hIntleachta Saorga ([22]), is le hinstitiúidí atá bunaithe sna Stáit Aontaithe atá 61 samhail mór le rá, figiúr gan amhras atá go mór os cionn shamhlacha sin an Aontais (i.e. 21) agus na Síne (i.e. 15).

2.6. De réir suirbhé domhanda de chuid McKinsey ([23]), thuairiscigh 65 % de na freagróirí go n-úsáidtear an intleacht shaorga ghiniúnach ina n-eagraíochtaí ar bhonn rialta. Tá an figiúr sin nach mór dhá oiread an fhigiúir chéanna ón suirbhé deiridh a rinne siad ní fiú bliain ó shin. Tá tionchar aige sin ar fheidhmíocht na gcuideachtaí. Bíodh agus nach bhfuil ann ach garmheastachán, meastar mar shampla go dtagann méadú 10-20 % ar an éifeachtúlacht nuair a chuirtear teicneolaíochtaí intleachta saorga giniúnaí a bhfuil teist mhaith orthu in úsáid ag an obair. Ní hamháin sin ach d'fhéadfadh an méadú sin a bheith ní ba shuntasaí fós ach úsáid a bhaint as an intleacht shaorga chun sreafaí oibre agus tascanna a athdhearadh ([24]). Is minice a úsáideann cuideachtaí an intleacht shaorga agus iad ag plé leis an margaíocht agus díolacháin, agus táirgí nó seirbhísí á ndearadh acu, agus i réimse na faisnéise teicneolaíochta chomh maith ([25]).

2.7. ***Na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann leis an intleacht shaorga i saol na hoibre***

2.7.1. Déanfaidh an intleacht shaorga difear do shaol na hoibre ar an iomaí bealach, agus d'fhéadfadh sé go n-éireodh sí ina gné shuntasach de phoist a lán daoine ar fud earnálacha uile an gheilleagair. Baineann idir dheiseanna agus dúshláin leis an méid sin, agus tá an-tábhacht leis an gcaoi a mbraitheann an fostóir agus an t-oibrí araon ar na deiseanna agus na dúshláin sin.

([14]) ECFE (2024), *OECD Digital Economy Outlook 2024 (Volume 1): Embracing the Technology Frontier*, Foilsitheoireacht ECFE, Páras,.
([15]) Féach mar shampla Domhan na hIntleachta Saorga ag CEPS Navigate Tomorrow's Intelligence Today/AI World.
([16]) Treoirlínte polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile, 2024-2029.
([17]) In 2023, bhain 8 % d'fhiontair an Aontais úsáid as teicneolaíochtaí intleachta saorga. I gcás fiontair mhóra an Aontais, b'ionann agus 30,4 % an figiúr sin. Féach Eurostat *Use of artificial intelligence in enterprises — Statistics Explained* [Úsáid na hintleachta saorga i bhfiontair — Míniú ar Staidreamh]
([18]) Eurostat Use of artificial intelligence in enterprises - Statistics Explained.
([19]) An Coimisiún Eorpach (2024) *The future of European competitiveness part A a competitiveness strategy for Europe*.
([20]) An Coimisiún Eorpach (2024) *The future of European competitiveness part B In-depth analysis of recommendations*.
([21]) Global AI vibrancy tool.
([22]) The AI Index report [Tuarascáil Innéacs na hIntleachta Saorga], féach anseo freisin.
([23]) The state of AI in early 2024: Gen AI adoption spikes and starts to generate value.
([24]) Boston Consulting Group (2023) *Turning GenAI Magic into Business Impact*.
([25]) *The state of AI in early 2024: Gen AI adoption spikes and starts to generate value*.

2.7.2. Cuireann an intleacht shaorga feabhas ar an táirgiúlacht trí thascanna atriallacha a uathoibriú agus cumais na n-oibrithe a chomhlánú, cuir i gcás ([26]). Ceann de na 10 bpríomhthátal a baineadh as Tuarascáil Innéacs na hIntleachta Saorga ([27]) ná go dtacaíonn an intleacht shaorga le hoibrithe a bheith níos táirgiúla agus go mbíonn cáilíocht níos airde oibre ann dá barr. Cuireann an intleacht shaorga ar chumas oibrithe tascanna a chur i gcrích níos tapúla agus feabhas a chur ar thoradh a n-oibre. Is staidéir iad seo a léiríonn an deis a bhaineann leis an intleacht shaorga an bhearna scileanna idir oibrithe ar bheagán oiliúna agus oibrithe ardoilte a dhúnadh. Ag an am céanna, fógraítear i staidéir eile go bhféadfadh sé go rachadh an táirgiúlacht i laghad dá mbainfí úsáid as an intleacht shaorga gan formhaoirseacht chuí dhaonna a bheith ann.

2.7.3. Is féidir le huirlisí intleachta saorga cuidiú le cuideachtaí na scileanna atá in easnamh i lucht saothair na cuideachta a shainaithint agus aghaidh a thabhairt ar na bearnaí scileanna digiteacha nó bearnaí scileanna eile ([28]). Ina fhianaise sin, is féidir léi cuidiú le cuideachtaí na riachtanais earcaíochta a bheidh acu sula i bhfad a réamh-mheas. Chuir an tÚdarás Eorpach Saothair in iúl freisin go n-úsáideann 70 % de ghníomhairí acmhainní daonna ar fud na hEorpa uirlis intleachta saorga de chineál éigin agus iarrthóirí á lorg nó á meas acu, sin agus luaigh sé chomh maith go bhféadfadh nósanna imeachta earcaíochta a dhéantar le cúnamh intleachta saorga feabhas a chur ar thaithí an iarrthóra féin sa phróiseas ([29]).

2.7.4. Tá staidéir ann a léiríonn tionchar na hintleachta saorga ar an bhfostaíocht. Cuirtear in iúl i nóta plé ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta ([30]) go mbeidh 40 % den fhostaíocht dhomhanda neamhchosanta ar an intleacht shaorga. Go sonrach, i ngeilleagair shárfhorbartha, meastar go bhfuil 60 % de na poist neamhchosanta ar an intleacht shaorga, agus go mbaineann leath de na poist sin tairbhe as an intleacht shaorga agus as táirgiúlacht mhéadaithe agus go bhféadfadh an intleacht shaorga difear diúltach a dhéanamh do thart ar a leath díobh. De réir an Fhóraim Eacnamaíoch Dhomhanda ([31]), táthar ag súil le glanfhás 78 milliún post (7 % d'fhostaíocht iomlán an lae inniu) faoi 2030.

2.7.5. De réir suirbhé cuimsitheach a rinne ECFE ar oibrithe agus ar fhostóirí maidir le tionchar na hintleachta saorga ag an obair, bhí dearcadh thar a bheith dearfach ag oibrithe agus ag fostóirí maidir le tionchar na hintleachta saorga ar fheidhmíocht agus ar dhálaí oibre. Mar shampla, dúirt 79 % d'úsáideoirí na hintleachta saorga in earnáil an airgeadais agus 80 % díobh in earnáil na monaraíochta gur chuir an intleacht shaorga feabhas ar a bhfeidhmíocht féin, i gcomparáid le 8 % sa dá earnáil sin a chuir in iúl go raibh a bhfeidhmíocht imithe in olcas mar gheall uirthi. Maidir leis na táscairí feidhmíochta agus dálaí oibre uile a breithníodh, bhí ceithre oiread seans ann go ndéarfadh oibrithe a bhaineann úsáid as an intleacht shaorga gur chuir sí ar a gcumas feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht agus ar a ndálaí oibre, seachas go raibh na rudaí sin imithe in olcas mar gheall uirthi ([32]).

2.7.6. Cuireann CESE i bhfios go láidir gur féidir le huirlisí intleachta saorga feabhas a chur ar dhálaí sláinte agus sábháilteachta tríd an ualach oibre ar oibrithe a laghdú ([33]) agus feabhas a chur ar an gcothromaíocht oibre is saoil ([34]) agus ar an meabhairshláinte ag an obair ([35]). Cuideoidh uirlisí intleachta saorga le deireadh a chur le tascanna guaiseacha nó iad a laghdú agus cuidiú le neamhoird mhatánchnámharlaigh a sheachaint. Is féidir leis an am a shábhálann oibrithe ar thascanna cabhrú lena bhfolláine a fheabhsú. Is féidir le huirlisí intleachta saorga an sásamh a fhaigheann oibrithe as a bpost a mhéadú ([36]). A bhuí le feidhmeanna intleachta saorga, is féidir cinntí agus cleachtais níos fearr, níos cothroime agus neamh-idirdhealaitheacha a áirithiú, mar shampla maidir le fostú ([37]).

2.7.7. Mar shampla, áirítear na nithe seo a leanas ar na bealaí ina bhféadfaidh an intleacht shaorga rioscaí sláinte agus sábháilteachta ceirde a laghdú nó a bhaint, gan bheith teoranta dóibh:

(a) trí fhaisnéis níos fearr a chur ar fáil do bhainisteoirí agus d'ionadaithe oibrithe chun saincheisteanna a bhaineann le rioscaí sláinte agus sábháilteachta ceirde a shainaithint, lena n-áirítear rioscaí síceasóisialta, agus réimsí ina bhfuil gá le hidirghabhálacha i ndáil le rioscaí sláinte agus sábháilteachta ceirde chun tosca riosca éagsúla a laghdú amhail ciapadh agus foréigean, agus cásanna guaiseacha, strus, fadhbanna sláinte agus tuirse a bhaineann leis na cúraimí agus na gníomhaíochtaí a dhéanann oibrithe a thuairisciú go luath;

([26]) Léirítear an méid sin i dtuarascálacha agus staidéir a bhaineann le hathruithe ar phoist, amhail *Future of Jobs Report 2025: These are the fastest growing and declining jobs* | World Economic Forum.
([27]) *The AI Index report* [Tuarascáil Innéacs na hIntleachta Saorga], féach anseo freisin.
([28]) Fóram de chuid an Fhóraim Eacnamaíoch Dhomhanda.
([29]) Féach, mar shampla: EURES An chaoi ar féidir le IS feabhas a chur ar an bpróiseas fála tallainne.
([30]) An Ciste Idirnáisiúnta Airgeadaíochta: Gen-AI: Artificial Intelligence and the Future of Work.
([31]) An Fóram Eacnamaíoch Domhanda Future of Jobs Report 2025, Eanáir 2025.
([32]) Lane, M., Williams, M., Broecke, S. (2023), *The impact of AI on the workplace: Main findings from the OECD AI surveys of employers and workers, OECD Social, Employment and Migration Working Papers*, Uimh. 288, Foilsitheoireacht ECFE, Páras.
([33]) Workplace Intelligence, AI at Work 2020 Stud, CIPD and PA Consulting; People and machines: from hype to reality; Chartered Institute of Personnel and Development, 2019.
([34]) Staidéar ó Pharlaimint na hEorpa, *Improving working conditions using Artificial Intelligence*, 2021.
([35]) An staidéar Workplace Intelligence, AI at Work 2020 Study.
([36]) Lane, M., Williams, M., Broecke, S. (2023), *The impact of AI on the workplace: Main findings from the OECD AI surveys of employers and workers, OECD Social, Employment and Migration Working Papers*, Uimh. 288, Foilsitheoireacht ECFE, Páras.
([37]) Dana Pessach, Gonen Singer, Dan Avrahami, Hila Chalutz Ben-Gal, Erez Shmueli, Irad Ben-Gal, Employees recruitment: A prescriptive analytics approach via machine learning and mathematical programming, Decision Support Systems, Imleabhar 134, 2020.

(b) trí chomhairle phearsantaithe fíor-ama a chur ar fáil d'oibrithe agus do bhainisteoirí chun tionchar a imirt ar a n-iompar ar bhealach níos sábháilte. Mar shampla, is féidir le heagraíochtaí úsáid a bhaint as feistí faireacháin lena dtomhaistear faisnéis bhithmhéadrach oibrithe chun a áirithiú nach mbíonn tuirse orthu, rud a d'fhéadfadh an riosca timpistí a mhéadú;

(c) trí thacú le cosc fianaisebhunaithe agus measúnú riosca san ionad oibre a chur chun cinn;

(d) trí thacú le cigireachtaí sláinte agus sábháilteachta atá bunaithe ar fhianaise agus atá níos éifeachtúla agus níos spriocdhírithe;

(e) trí leas a bhaint as acmhainneacht an uathoibrithe agus na róbataice sa tionsclaíocht, sa lóistíocht agus san fhoirgníocht chun na rioscaí a bhaineann le cúraimí atriallacha agus guaiseacha a laghdú ([38]);

(f) trí ghléasanna agus braiteoirí Idirlíon na Rudaí Nithiúla a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar threalamh oibre i bhfíor-am, is féidir teipeanna trealaimh a bhrath sula dtarlaíonn siad, rud a chuireann feabhas ar an tslándáil;

(g) trí úsáid a bhaint as dul chun cinn san intleacht shaorga, réaltacht fhíorúil agus réaltacht bhreisithe chun tástáil fhíorúil a dhéanamh ar chumraíochtaí agus coinníollacha sábháilteachta áirithe chun oibrithe a ullmhú d'oiliúint atá saor ó rioscaí agus chun cabhrú le fostóirí oiliúint shaincheaptha a thairiscint;

(h) trí thaighde maidir le heischreatlaí a chur i bhfeidhm chun faoiseamh a thabhairt don fhostaí maidir le láimhseáil ualaí troma. Tá dul chun cinn suntasach á dhéanamh sa réimse seo freisin maidir le hoibrithe faoi mhíchumas;

(i) trí chórais uathoibrithe a chomhtháthú i slabhraí soláthair chun tascanna láimhseála láimhe a theorannú;

(j) trí shonraí a phróiseáil tríd an intleacht shaorga chun stáisiúin oibre agus próisis lóistíochta a dhearadh ar bhealach níos fearr, chun na rioscaí a bhaineann le nochtadh fostaithe a theorannú ([39]).

2.7.8. Le taighde an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde ([40]), tugadh chun suntais gurb iad an digitiú agus an t-uathoibriú ag an obair ar fud na n-earnálacha gnó uile agus an iarracht chun éifeachtúlacht a mhéadú is príomhchúis le glacadh an bhainistithe algartamaigh in ionaid oibre thraidisiúnta. Leis an taighde sin, sainaithníodh agus rinneadh anailís ar athruithe agus ar dhúshláin a eascraíonn as bainistiú de réir algartam i dtéarmaí athruithe ar eagrú na hoibre agus éifeachtaí ar cháilíocht poist.

2.7.9. Maidir le hathruithe ar eagrú na hoibre, tarraingíonn an tAirmheán Comhpháirteach Taighde aird go sonrach ar na tionchair a d'fhéadfadh teacht as bainistiú de réir algartam: lárú eolais agus rialaithe, athshainiú tascanna agus ról agus teorainneacha eagrúcháin doiléire.

2.7.10. Sainaithníonn an tAirmheán Comhpháirteach Taighde éifeachtaí ar cháilíocht poist freisin i dtéarmaí scileanna agus discréide, déine na hoibre, an timpeallacht shóisialta agus tuilleamh agus ionchais.

2.7.11. D'fhéadfadh ábhair imní, éiginnteachtaí agus imní faoi na rioscaí agus na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le húsáid na hintleachta saorga cosc a chur orainn í a ghlacadh, cé gur féidir leis an intleacht shaorga poist a fheabhsú agus iad a dhéanamh níos éifeachtúla.

2.7.12. Ní rudaí seasta iad poist agus creideann CESE go mbeidh gá le hathoiliúint fiú i gcás poist nach ndéanann an intleacht shaorga difear mór dóibh faoi láthair. Tá gá le hoiliúint agus scileanna nua chun an leas is fearr is féidir a bhaint as réitigh teicneolaíochta sonraíbhunaithe nua (lena n-áirítear an intleacht shaorga) ag an obair.

2.7.13. Tá sé ríthábhachtach go gcuirfí tacaíocht ar fáil do chuideachtaí agus dá n-oibrithe chun an intleacht shaorga a ghlacadh agus chun a áirithiú nach gcaillfidh na cuideachtaí, agus go háirithe FBManna, amach ar na deiseanna a bhaineann leis an intleachta shaorga, agus go mbeidh siad in ann tairbhe iomlán a bhaint aisti. Chuige sin, ní mór uas-sciliú oibrithe agus tacaíocht níos fearr do chuideachtaí a áirithiú. Tá rochtain ar an oiliúint is gá de dhíth ar oibrithe agus tá solúbthacht de dhíth ar chuideachtaí chun teacht ar na modhanna oiliúna is fearr. Tá idirphlé atá bunaithe ar mhuinín ríthábhachtach chun dea-chleachtais atá curtha in oiriúint do na cuideachtaí uile a fhorbairt. Is é an sprioc atá ann a áirithiú go rachaidh cur in úsáid theicneolaíochtaí na hintleachta saorga chun tairbhe do chuideachtaí agus d'oibrithe toisc go mbeidh táirgiúlacht níos airde mar thoradh uirthi. Chuige sin, tá gá le tiomantas ó na cuideachtaí agus ó na hoibrithe.

2.7.14. Chun tairbhe a bhaint as acmhainneacht na hintleachta saorga maidir leis an iomaíochas agus an táirgiúlacht a mhéadú, agus chun a áirithiú nach ligfidh an tAontas deis an aistrithe dhigitigh thairis, ní mór deireadh a chur leis na miotais agus an eagla a bhíonn ann ina leith agus iad a mhaolú. Ní mór freisin díriú, ag an am céanna, ar chur chun feidhme agus ar fhorfheidhmiú an chreata reachtaigh atá ann cheana.

([38]) Féach an tuarascáil Artificial intelligence for worker management: an overview.

([39]) Féach Work organisation and job quality in the digital age | European Foundation for the Improvement of Living and Working Conditions.

([40]) Baiocco, S., Fernández-Macías, E., Rani, U. agus Pesole, A., The Algorithmic Management of work and its implications in different contexts, Sevilla, an Coimisiún Eorpach, 2022, JRC129749.

3. An Creat Eorpach lena gcumhdaítear úsáid na hintleachta saorga ag an obair

3.1. *Creat reachtach an Aontais atá ann cheana*

3.1.1. Cuireann CESE in iúl go bhfuil forálacha sa reachtaíocht seo a leanas de chuid an Aontais atá ann cheana chun a áirithiú, nuair a úsáidtear uirlis intleachta saorga san ionad oibre, ar thaobh amháin, go gcosnófar dálaí oibre sábháilte agus cothroma na bhfostaithe agus, ar an taobh eile, go mbeidh oibrithe rannpháirteach sa phróiseas lena gcuirtear uirlis intleachta saorga in úsáid:

— an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) 2016: i bhforbhreathnú neamh-uileghabhálach ar airteagail ábhartha de RGCS, áirítear Airteagal 35 (measúnuithe tionchair ar chosaint sonraí); Airteagal 7 (toirmeasc ar thoiliú a nascadh le comhlíonadh conartha); Airteagal 9(2) (trédhearcacht próiseála sonraí agus teorannú ar an gcumas sonraí pearsanta íogaire a phróiseáil); Airteagal 15(1)(h) (an ceart chun ionchur fónta daonna a fháil maidir le cinntí tábhachtacha, le rogha gan bheith páirteach i gcinnteoireacht lán-uathoibrithe san ionad oibre); Airteagal 22 (toirmeasc ar phróisis chinnteoireachta lán-uathoibrithe i gcaidrimh fostaíochta); Airteagal 88 (spás don chómhargáil agus do na Ballstáit chun forálacha níos déine maidir le RGCS a achtú ar an leibhéal náisiúnta i gcomhthéacs na fostaíochta);

— Gníomh 2024 um an Intleacht Shaorga: in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga, aicmítear mar chórais 'ardriosca' córais intleachta saorga áirithe a úsáidtear don earcaíocht, cinntí maidir le hardú céime, dífhostú agus sannadh cúraimí, agus faireachán a dhéanamh ar dhaoine i gcaidrimh chonarthacha a bhaineann leis an obair. Mar gheall ar an aicmiú sin, bheadh na córais intleachta saorga sin faoi réir ceanglais dhlíthiúla a bhaineann le bainistiú riosca (Airteagal 9), cáilíocht sonraí agus rialachas sonraí (Airteagal 10), doiciméadacht agus coimeád taifead (Airteagail 11-12), trédhearcacht agus soláthar faisnéise d'úsáideoirí (Airteagal 13), formhaoirseacht dhaonna (Airteagal 14), stóinseacht, cruinneas agus slándáil (Airteagal 15), agus faisnéis maidir le húsáid intleachta saorga ardriosca san ionad oibre faoi phionós de EUR 15 000 000 nó suas le 3 % de láimhdeachas bliantúil domhanda. (Airteagal 99(4)(g)), Thairis sin, le hAirteagal 2(11) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, cuirtear ar chumas na mBallstát forálacha níos fabhraí a chruthú maidir le cearta oibrithe a chosaint. Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 4 (litearthacht intleachta saorga) go ndéanfaidh soláthraithe agus úsáideoirí gairmiúla na gcóras intleachta, a mhéid is féidir, saorga bearta chun leibhéal leordhóthanach litearthachta intleachta saorga a áirithiú i measc a bhfoirne agus daoine eile a bhíonn ag déileáil le hoibriú agus úsáid córas intleachta saorga thar a gceann, agus a gcuid eolais theicniúil, a gcuid taithí, a gcuid oideachais agus a gcuid oiliúna agus an comhthéacs ina mbeidh na córais intleachta saorga le húsáid á gcur san áireamh, agus aird á tabhairt ar na daoine nó na grúpaí díobh a n-úsáidfear na córais intleachta saorga orthu;

— Treoir Réime 1989 maidir le sláinte agus sábháilteacht ceirde: le Treoir Réime 89/391/CEE, cuirtear d'oibleagáid ar fhostóirí measúnú riosca a dhéanamh chun a áirithiú roimh ré nach ndéanfaidh uirlisí intleachta saorga dochar do shábháilteacht ná do shláinte oibrithe;

— Treoir 2000 maidir le Comhionannas Fostaíochta;

— Treoir 2002 maidir le fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo: le hAirteagal 4, mír 2(c), cuirtear d'oibleagáid ar fhostóirí oibrithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo maidir le cinntí ar dócha go mbeidh athruithe suntasacha ar eagrú na hoibre nó ar chaidreamh conarthach mar thoradh orthu;

— Treoir 2024 maidir le hObair Ardáin: ceanglófar ar ardáin saothair dhigiteacha bearta sonracha a thabhairt isteach maidir le húsáid córas faireacháin agus cinnteoireachta uathoibrithe (Airteagal 6), faireachán daonna ar chórais uathoibrithe (Airteagal 7), athbhreithniú daonna ar chinntí suntasacha (Airteagal 8), agus cearta faisnéise agus comhairliúcháin oibrithe ardáin (Airteagal 9).

3.1.2. Ar an gcaoi chéanna, tugadh aghaidh go críochnúil ar leibhéal an Aontais ar na dúshláin atá roimh chuideachtaí ina **ngníomhaíochtaí eagraíochtúla**, lena n-áirítear cibearshlándáil, sáruithe slándála, príobháideachas agus bainistiú sonraí, chomh maith leis na dúshláin a bhaineann le **heagrú na hoibre**. Sa bhreis ar RGCS:

— Treoir NIS2: cuireann Treoir NIS2 oibleagáid ar chuideachtaí a sholáthraíonn seirbhísí riachtanacha i dtír ar leith (e.g. fuinneamh, iompar, bainistíocht uisce, bonneagar digiteach, teileachumarsáid) oibríochtaí a eagrú ar bhealach a mhéadaíonn a gcosaint ar ionsaithe agus sáruithe slándála, lena n-áirítear slándáil sonraí;

— An Gníomh um Chibear-Athléimneacht ([41]): leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht, méadaítear na hoibleagáidí atá ar mhonaróirí táirgí nasctha a áirithiú go dtabharfar aghaidh ar leochaileachtaí agus go gceartófar iad, agus go neartófaí cosaint feistí agus meaisíní;

([41]) Leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht, méadaítear na hoibleagáidí atá ar mhonaróirí táirgí nasctha a áirithiú go dtabharfar aghaidh ar leochaileachtaí agus go gceartófar iad, agus go neartófaí cosaint feistí agus meaisíní.

— Leis an Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil agus leis an rialachán earnáilsonrach, lena n-áirítear an Rialachán maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais, tugtar aghaidh go sonrach ar na dúshláin eagraíochtúla atá os comhair cuideachtaí maidir le húsáid na hintleachta saorga.

3.1.3. Tugann CESE dá aire go bhfuil obair leanúnach ar siúl, arna héascú ag an Oifig um Intleacht Shaorga, chun Cód Cleachtais a ullmhú maidir le hintleacht shaorga ilchuspóireach chun rialacha an Ghnímh um an Intleacht Shaorga a mhionsonrú do sholáthraithe samhlacha intleachta saorga ilchuspóireacha agus samhlacha intleachta saorga ilchuspóireacha a bhfuil rioscaí sistéamacha ag baint leo ([42]).

3.2. *Ról an Idirphlé Shóisialta*

3.2.1. Tá ról ríthábhachtach ag na comhpháirtithe sóisialta agus ag an idirphlé sóisialta ar gach leibhéal maidir le hintleacht shaorga fhreagrach 'iontaofa' a chur chun cinn i saol na hoibre. Chun idirphlé sóisialta éifeachtach maidir leis an intleacht shaorga a áirithiú, tá CESE ag iarraidh go gcuirfí timpeallacht dhearfach chumasúcháin chun cinn don idirphlé sóisialta. Is é idirphlé sóisialta atá láidir agus cuiditheach ar gach leibhéal, agus atá i gcomhréir leis na rialacha agus na cleachtais náisiúnta is infheidhme, an phríomhuirlis chun na rioscaí agus na tionchair dhíobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ann a íoslaghdú. Tríd an méid sin, ba cheart úsáid na hintleachta saorga a éascú freisin chun gur féidir tairbhe a bhaint as an acmhainneacht atá inti. Chuige sin, ní mór fothú acmhainneachta na gcomhpháirtithe sóisialta maidir leis an intleacht shaorga a fhorbairt chun eolas agus tuiscint ar na dúshláin agus ar na deiseanna a bhaineann léi a áirithiú.

3.2.2. Tugann CESE dá aire gur shínigh na Comhpháirtithe Sóisialta Eorpacha an Creat-Chomhaontú Neamhspleách maidir leis an Digiteáil ([43]) in 2020, lena gcumhdaítear 1) scileanna digiteacha agus conas fostaíocht a dhaingniú; 2) módúlachtaí maidir le nascadh agus dícheangal; 3) an intleacht shaorga agus an prionsabal 'duine i gceannas' a ráthú agus 4) meas ar dhínit an duine agus faireachas. I measc nithe eile, sonraítear sa chomhaontú nach mór cur in úsáid na gcóras intleachta saorga an prionsabal 'duine i gceannas' a urramú i gcónaí agus nach mór dó a bheith sábháilte, i.e. dochar a chosc.

3.2.3. Maidir leis an idirghníomhaíocht idir reachtaíocht an Aontais atá ann cheana (an Gníomh um an Intleacht Shaorga) agus an t-idirphlé sóisialta, iarrann CESE ar an Oifig Eorpach um Intleacht Shaorga dlúthchomhar a bhunú leis na comhpháirtithe sóisialta trasearnála Eorpacha d'fhonn a áirithiú go léireofar ról an idirphlé shóisialta go leordhóthanach sna treoirlínte atá le teacht ón Oifig agus sa reachtaíocht thánaisteach. Ina theannta sin, iarrann CESE ar an Oifig um Intleacht Shaorga soiléirithe a chur ar fáil maidir le córais intleachta saorga. Ba cheart bealaí comhordúcháin atá domhain, láidir agus struchtúrtha go soiléir a bhunú idir an Oifig um Intleacht Shaorga agus AS EMPL agus AS Connect an Choimisiúin Eorpaigh.

3.3. *An staid reatha a mheas*

3.3.1. Measann CESE go gcumhdaítear go leordhóthanach leis an 116 phíosa reachtaíochta atá i gclár oibre digiteach an Aontais do 2030 – go háirithe RGCS agus an Gníomh um an Intleacht Shaorga agus an reachtaíocht eile dá dtagraítear thuas – na dúshláin a bhaineann leis an intleacht shaorga ag an obair, lena n-áirítear idirdhealú, sábháilteacht agus sláinte ceirde, faisnéis agus comhairliúchán, cosaint sonraí etc.

3.3.2. I ngeall ar an méid sin, is oth le CESE, in ainneoin an chreata reachtaigh fhairsing atá ann cheana lena rialaítear an intleacht shaorga go cuimsitheach agus go leordhóthanach i saol na hoibre, go measann an Coimisiún Eorpach go bhfuil gá fós le reachtaíocht nua maidir le tionchar na digiteála i saol na hoibre. Mar a luaitear i litir mhisin Roxana Mînzatu, an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Chearta Sóisialta agus Scileanna, um Poist Ardcháilíochta agus um Ullmhacht, ba cheart é sin a dhéanamh go háirithe trí thionscnamh maidir le bainistiú de réir algartam agus trí reachtaíocht a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis an intleacht shaorga san ionad oibre, tar éis dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta. (…) ([44]).

3.3.3. Tá an rún sin ag teacht salach ar an tosaíocht pholaitiúil atá ann faoi láthair na ceanglais rialála agus tuairiscithe a shimpliú agus a laghdú 25 %. Ina theannta sin, is soiléir go bhfuil sé sin ag teacht salach ar an gcomhthuiscint maidir leis an ngá atá le creat reatha an Aontais a shimpliú chun iomaíochas agus timpeallacht ghnó an Aontais a fheabhsú.

([42]) Mar shampla, féach anseo.
([43]) Mar shampla, féach anseo.
([44]) Mar a luaitear i litir mhisin Roxana Mînzatu, Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin.

3.3.4. Ina ionad sin, ba cheart don Choimisiún cead a thabhairt do chuideachtaí cur chuige freagrach eiticiúil a fhorbairt chun oibriú le teicneolaíochtaí intleachta saorga laistigh den chreat dlíthiúil atá ann faoi láthair. Áirithítear leis sin go n-urramaítear neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta.

3.3.5. Dá dtiocfadh tionscnamh maidir leis an intleacht shaorga chun cinn san ionad oibre, ba cheart é a bheith d'aidhm aige, thar aon ní eile, an creat reachtach cuimsitheach arna ghlacadh ag an Aontas a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach. Anuas air sin, ba cheart é a bheith d'aidhm aige cabhrú le cuideachtaí na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann i saol na hoibre a mhaolú ([45]) agus, ag an am céanna, tairbhe iomlán a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an intleacht shaorga. D'áiritheofaí leis sin rathúnas, táirgiúlacht, inbhuanaitheacht agus folláine shóisialta fheabhsaithe.

3.3.6. Creideann CESE go láidir, má mholann an Coimisiún tionscnamh nua maidir leis an intleacht shaorga san ionad oibre nó maidir le bainistiú de réir algartam, *nár* cheart don tionscnamh sin Caibidil III den Treoir maidir le hObair Ardáin a úsáid mar threoirphlean. Tá na rialacha a leagtar síos sa Treoir sin ceaptha chun go mbeidh feidhm acu go sonrach maidir leis na cineálacha gnólachtaí sin. Bacainn shuntasach ar ghlacadh teicneolaíochtaí nua a bheadh ann dá bpléifí leis na gnólachtaí uile san Aontas amhail is dá mba ardáin saothair dhigiteacha den sórt sin iad.

3.3.7. Ina theannta sin, dhéanfadh athbhreithniú leathan ar an reachtaíocht atá ann cheana dochar a mhéid a bhaineann leis an ualach atá ar reachtóirí agus ar na húdaráis mhaoirseachta agus sheolfaí teachtaireacht an-diúltach maidir le dul chun cinn agus infheistíocht san intleacht shaorga san Aontas Eorpach.

3.3.8. Dá bhrí sin, iarrann CESE go ndíreofaí amach anseo go mór ar chastacht dhlíthiúil a laghdú, ós rud é gur fearr a chuirfidh sé sin ar chumas ghnólachtaí na hEorpa an intleacht shaorga a úsáid ar bhealach freagrach eiticiúil. Eascraíonn an gá sin le castacht dhlíthiúil a laghdú, mar shampla, as forluí sa reachtaíocht atá ann cheana, chomh maith le hoibleagáidí tuairiscithe iomadúla agus leanúnacha.

Cúis

Is éard atá sa téacs seo leasú arb é is aidhm dó seasamh a leagan amach atá éagsúil ar an mórgóir ó thuairim a thíolaic an rannóg agus, ar an gcúis sin, ní mór é a mheas mar fhrituairim. Leagtar amach ann na cúiseanna a measann CESE nach bhfuil gá le reachtaíocht bhreise maidir leis an intleacht shaorga i saol na hoibre agus an fáth ar cheart don Choimisiún spás a fhágáil do chuideachtaí cineálacha cur chuige freagracha eiticiúla a fhorbairt chun oibriú le teicneolaíochtaí intleachta saorga laistigh den chreat dlíthiúil atá ann faoi láthair.

Toradh na vótála

Ar son: 112

In aghaidh: 136

Staonadh: 11

([45]) Chun teacht ar thuilleadh eolais maidir le rioscaí, féach, mar shampla: Baiocco, S., Fernández-Macías, E., Rani, U. agus Pesole, A., The Algorithmic Management of work and its implications in different contexts, Sevilla, an Coimisiún Eorpach, 2022, JRC129749.